

## Aguisín 1

### Athruithe beartaithe ar aicmí forbartha díolmhaithe atá ann cheana féin nó aicmí nua a thabhairt isteach

Sainithníodh san athbhreithniú ar na rialacháin forbartha díolmhaithe réimsí sainspéise a bhfuil gá le nuashonrú a dhéanamh orthu, agus freisin réimsí féideartha nua inar cheart díolúintí a mheas. Leagtar amach na réimsí seo thíos faoi na catagóirí seo a leanas:

1. Díolúintí náisiúnta
2. Díolúintí tuaithe
3. Díolúintí um Oideachas agus Sláinte
4. Díolúintí bonneagair
5. Aicmí Úsáide

#### **1. Díolúintí Náisiúnta**

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag díolúintí i ndáil le forbairt chónaithe an chóiríocht a uasmhéadú laistigh de chlúdach reatha an áitribh, agus solúbthacht níos mó a sholáthar le haghaidh mionoibreacha freisin. Ba cheart go bhfanadh an díolúine atá ann cheana le haghaidh síntí cúil ar áitribh agus meastar go bhfuil an t-achar uasta 40m<sup>2</sup> fós oiriúnach. Ba cheart go mbeadh níos mó solúbthachta ann do mhionoibreacha freisin.

#### **Cónaithe - síntí baile/ mionoibreacha**

I measc na réimsí a sainithníodh mar réimsí ar gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu tá:

- Soiléiriú go gceadaítear athoiriúnú áiléir agus nach meastar gur síneadh ar theach iad,
- Athrú ar phróifíl an dín taobh i dtithe scoite agus leathscoite chun úsáid níos fearr a bhaint as athoiriúnú áiléir agus as an spás os cionn síntí/garáistí taobh an urláir talún atá ann cheana féin,
- Soilse dín a shuiteáil – breithniú a dhéanamh ar shoilse dín a dhíolmhú ar aghaidh áitribh chomh maith leis an díolúine le haghaidh soilse dín ar thaobh agus ar chúl áitribh a bheachtú,
- Fuinneoga dhormánta ar chúl agus ar thaobh faoi réir an mhéid agus an tsuímh chuí a bhreithniú,
- Áitribh a fhilleadh chun críocha inslithe, faoi réir teorainneacha maidir le struchtúir chosanta agus limistéir ACA

- Caidéil teasa a shuiteáil – faoi réir méide, smaoinigh ar an díolúine a leathnú chuig tosaigh agus taobh áitribh,
- Mionathruithe seachtracha ar áitribh faoi réir teorainneacha méide cuí a fhoirmliú chun gur féidir
  - Stóráil rothar, stóráil boscaí bruscair nó aon struchtúir den mhéid chéanna chun tosaigh,
  - Búití uisce agus bearta comhchosúla,
  - Méadú ar líon na mbealaí isteach feithiclí atá ann cheana féin faoi réir chineál an bhóthair,
  - Teorainneacha ar airde teorann tosaigh a bhreithniú,
  - Painéil ghréine a chur ar sheideanna/ gharáistí agus ar an talamh.

### **Cóiríocht ináitrithe scoite agus foroinnt áitreabh**

Tá sé beartaithe aonad scoite cóiríochta ináitrithe a dhíolmhú ar chúl áitribh laistigh dá chúirtealáiste a bheadh faoi réir an áitribh ósta.

Ní mór breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas sula dtabharfar sonraí na díolúine atá beartaithe chun críche:

- Méid – ní mór uasmhéid an aonaid scoite a mheas ach d'fhéadfadh sé a bheith suas le 45m<sup>2</sup>.
- Ní mór don aonad cloí le rialacháin tógála.
- Rochtain – conas a dhéanfar rochtain ar an aonad.
- Méid an ghairdín – méid an spáis gairdín príobháideach iarmharach ba chóir a choinneáil agus na achair uasta ó bhallaí teorann. Faoi na díolúintí reatha maidir le síntí ar áitribh, ní mór 25m<sup>2</sup> de spás gairdín príobháideach a choinneáil ar mhaithe le taitneamhachtaí cónaithe.
- Sa chás go bhfuil córais chóireála fuíolluisce aonair ann a chinntíonn acmhainn leordhóthanach.

Tá sé beartaithe freisin foroinnt tithé cónaithe a cheadú faoi réir critéir áirithe lena n-áirítear méid, caighdeán, stóráil etc., chun gur féidir bearta solúbtha a dhéanamh chun tacú le cónaí leanúnach in situ ag daoine breacaosta, agus ag daoine muinteartha eile. I measc na saincheisteanna atá le breithniú tá:

- Líon na bhforoinnte—ar cheart nach mbeadh ann ach foroinnt amháin chun dhá aonad a cheadú d'fhonn cothromaíocht a chur san áireamh idir solúbthacht agus taitneamhachtaí cónaithe?
- Gur cheart d'aon aonaid foroinnte cloí le caighdeán íosta?

Agus díolúintí á mbreithniú i ndáil le háitribh scoite ináitrithe agus foroinnt áitribh, breithneofar an féidir leas a bhaint as an dá ceann i leith aonaid chónaithe chun tionchar carnach agus rófhorbairt ar shuíomh cónaithe a sheachaint.

## **2. Díolúintí tuaithe**

Baineann na díolúintí seo go príomha le gníomhaíochtaí a dhéanamh i ndáil le talmhaíocht agus iascaireacht. Le linn foráil a dhéanamh do dhíolúintí i ndáil leis an talmhaíocht, tá gá le solúbthacht chuí a cheadú maidir leis an méid is féidir a dhéanamh ar thalamh talmhaíochta gan gá le cead pleanála, cothrom leis an ngá atá le cloí le Treoracha Eorpacha agus le ceanglais maidir le AA nó EIA.

I measc na réimsí a sainaitníodh mar réimsí ar gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu tá:

- An díolúine maidir le fálú a thógáil ar fheirmeacha faoi Aicme 4 a leathnú chuig láithreáin ina bhfuil plean comhshaoil ceadaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Mar thacú le comhlíonadh na Treorach maidir le Níotráití, soláthair acmhainn stórála breise sciodair ar fheirmeacha a bhfuil acmhainn uasta iomlán acu nach mó ná 1500 méadar ciúbach.. Mar sin féin, ní mór aird a thabhairt ar an iomlán comhiomlánaithe sin agus ar achair dheighilte iomchuí idir gabháltais feirme agus maoiné cóngaracha. Chuimseodh an t-iomlán comhiomlánaithe sin forálacha díolúine stórála sciodair atá ann cheana a bhaineann le struchtúir le haghaidh tithíocht ainmhithe faoi Aicme 6 agus díolúine nua le haghaidh umar stórála sciodair neamhspleách suas le 1000 méadar ciúbach.
- Ar mhaithe le leas ainmhithe, méadaigh an díolúine faoi Aicme 6 i ndáil le méid tithíochta ainmhithe ó 200 m<sup>2</sup> go 300m<sup>2</sup>. Le tairseach chomhiomlán nach mó ná 450m<sup>2</sup>.
- Painéil ghréine ar dhíonta foirgneamh feirme chun tacú le reáchtáil na feirme agus stóráil ceallraí tacaíochta chun cabhrú le hathléimneacht a chur chun cinn.
- Tá méid díolmhaithe tuirbín gaoithe faoi Aicme 18 faoi láthair 20m - ar cheart é seo a athbhreithniú chun tacú le cumhacht féinghiniúna?
- Aonaid coire bithmhaise – ar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha na díolúine reatha maidir le méid agus suíomh.
- Aonaid Díléá Anaeróbach – ar cheart breithniú a dhéanamh ar shuíomh na n-aonad seo maidir le méid agus suíomh?

- Soiléireacht maidir le hIonaid Chuan lascaigh a bheith in ann leas a bhaint as díolúintí calafoirt (Aicme 21 & 59 faoi láthair) chun cothabháil cuanta agus a mbonneagar a chinntiú.

### **3. Díolúintí um Oideachas agus Sláinte**

Tugann na díolúintí seo solúbthacht níos mó i soláthar mionoibreacha agus iarfheistithe do scoileanna agus d'ospidéal.

I measc na réimsí a sainaitníodh mar réimsí ar gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu tá:

#### **Scoileanna**

- Aonad téimh béilí scoite (25m<sup>2</sup> méid agus ceann amháin in aghaidh na scoile) chun críche béilí a théamh seachas cócaireachta.
- Teorainn mhéid síneadh fhoirgnimh scoile Aicme 57 a mhéadú go dtí os cionn 210m<sup>2</sup> (breithniú ar shíntí dhá stór nuair is cuí).
- Tréimhse úsáide sealadaí Aicme 20C ag méadú ó 2 go 3 bliana.
- Clúdach seachtrach chun críocha inslithe, faoi réir teorainneacha maidir le struchtúir chosanta agus limistéir ACA.
- Oibreacha timpeall ar rochtain do chathaoireacha rothaí (rampaí, ráillí etc.).
- Ba cheart ballaí glasa a spreagadh chun cloí le Dlí Athchóirithe an Dúlra amach anseo faoi réir srianta áirithe maidir le suíomh.
- Soláthar caidéal teasa Aicme 56 a mhéadú chun athléimneacht aeráide a spreagadh.
- Stóráil rothar.

#### **Ospidéal**

- Breithniú a dhéanamh ar an acmhainn chun struchtúir atá ann cheana a úsáid laistigh de thailte an ospidéal le húsáid d'áiseanna leighis chun cabhrú le linn tionscadal athfhorbartha.
- Sa chás go bhfuil tionscadail nua tógála leighis á bhforbairt, ar cheart breithniú a dhéanamh ar úsáid struchtúr sealadach chun leathnú áiseanna leighis a éascú roimh thógáil/chríochnú an tionscadail (cosúil le húsáid shealadach scoile Aicme 20C)?
- Breithniú a dhéanamh ar acmhainn bhreise do theicneolaíochtaí gréine agus fuinnimh in-athnuaite eile chun tacú le cumhacht féinghiniúna in áiseanna leighis.

## **4. Díolúintí Bonneagair**

Táthar ag breithniú d'athruithe ar dhíolúintí atá ann cheana féin. Ba cheart é sin a bheith bunaithe ar phrionsabal na naisc leictreachais agus fuinnimh a mhéadú go forleathan, marthanacht an bhonneagair atá ar an talamh cheana féin a chinntiú, agus cumas an bhonneagair sin a mhéadú nuair is féidir, tacú le luchtú FL, agus a chinntiú nach gcuireann dlíthe pleanála (go háirithe AA/EIA) isteach ar nó nach gcuireann siad cosc ar bhearta freagartha éigeandála i leith gach cineál aimsire agus tubaiste.

I measc na réimsí a sainaitníodh mar réimsí ar gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu tá:

### **Iompar**

- Acmhainn luchtaithe feithiclí leictreacha a mhéadú.
- A shoiléiriú nach gceanglaítear ar thionscadail a cheadaítear faoi Achtanna na mBóithre agus na nIarnród dul tríd an gcóras pleanála, nuair is féidir.
- A chinntiú gur féidir le haerfoirt agus Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 calafoirt raon leathan oibreacha a dhéanamh laistigh dá gcúirtealáiste.

### **Calafoirt**

- Ar cheart gníomhaíocht calafoirt a shainmhíniú mar phróiseas tionsclaíoch, agus ní mór breithniú a dhéanamh ar theorainneacha lena n-áirítear forbairt sa timpeallacht mhuirí agus impleachtaí maidir le comhlíonadh AA agus EIA. Meastar go bhfuil díolúintí d'fhoirgnimh a úsáidtear le haghaidh stórála agus próiseála ualaigh atá ann cheana inghlactha go forleathan.
- Díolúintí maidir le sean-sócmhainní calafoirt nó sócmhainní calafoirt iomarcacha a bhaint ar choinníoll nach bhfuil aon saincheisteanna oidhreachta ann.
- Oibreacha a dhíolmhú chun calafoirt a chothabháil agus a chomhdhlúthú go spásúil, chomh maith le hoiriúnaitheacht aeráide ach ní le haghaidh aon 'ghníomhaíochta nua'.

### **Aerfoirt**

- Díolúintí le haghaidh bonneagair slándála.
- Breithniú a dhéanamh ar úsáid shealadach struchtúr chun freagairt do chúinsí gan choinne. Ar cheart breithnithe éagsúla a thabhairt ar an gcineál seo úsáide ar thaobh na talún den aerfort (rochtain ar an aerfort) agus ar thaobh an aeir den aerfort (paisinéirí seiceála isteach)?

### **Freagairt éigeandála**

- Breithniú a dhéanamh ar scóip fhéideartha na n-oibreacha ullmhúcháin ba chóir a dhéanamh mar ullmhúchán d'imeacht suntasach aimsire.
- Breithniú a dhéanamh ar oibreacha éigeandála a dhíolmhú a theastaíonn chun freagairt d'éifeachtaí teagmhais éigeandála.
- Breithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú cuí chun oibreacha éigeandála a agairt amhail rabhadh stádais dearg nó cinneadh oibiachtúil cuí eile.
- Iniúchadh a dhéanamh ar úsáid foirgneamh poiblí mar 'ionaid scíthe' nó mar mhoil phobail le haghaidh faoisimh ó thubaistí, i gcomhréir le tíortha Eorpacha eile a bhfuil criosanna agus foirgnimh chathartha ainmnithe acu le haghaidh éigeandálaí.
- Foirgnimh mhodúlacha sealadacha le haghaidh cóiríochta thar oíche i gcásanna éigeandálaí.

### **Breithnithe Slándála**

- Breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí atá ag méadú chun freagairt do shaincheisteanna slándála atá ag teacht chun cinn.).

### **Luchtú FL**

Tá breithniú á dhéanamh ar dhíolúintí i ndáil le luchtú feithiclí leictreacha a mhodhnú. Tá dhá ghné ar leith de Luchtú FL le breithniú:

- (1) luchtú tí lasmuigh de theaghlaigh, agus
- (2) carrchlóis/stáisiúin seirbhíse agus tailte móra dá samhail.

I measc na saincheisteanna atá le breithniú tá:

- Stáisiúin luchtaithe níos mó faoi chlúdach i gcarrchlóis agus i stáisiúin seirbhíse etc.
- Seachain tranglam sráide agus dearadh cuimsitheach a chinntiú.
- Sráideanna cónaithe gan aon pháirceáil lasmuigh den tsráid le haghaidh luchtú tí, ach ní mór tranglam sráide a sheachaint agus dearadh cuimsitheach a chinntiú.
- Luchtú bloc árasán.

### **Fóntais**

An tábhacht a bhaineann le neart leanúnach i naisc fóntais a chinntiú, lena n-áirítear d'Uisce Éireann, trí:

- Bonneagar os cionn talún (cábalaí agus sreanga) a dhíolmhú nuair is iomchuí faoi Aicme 25 faoi réir teorainneacha iomchuí.
- An díolúine Aicme 27 a mhéadú do línte cumhachta lastuas chun bonneagar coimhdeach (claochladáin) a áireamh.
- Tá sé inghlactha i bprionsabal an teorainn mhéide ar fhostáisiúin leictreachais a cheadaítear faoi Aicme 29 a mhéadú chun an eangach leictreachais a ullmhú don todhchaí agus chun slándáil soláthair a chur ar fáil, ach amháin i gcás fostáisiúin atá ann cheana féin. Níl sé beartaithe fostáisiúin nua, níos mó a dhíolmhú ó phleanáil.

- Cothabháil bonneagair agus uasghrádú líonraí uisce agus gáis atá ann cheana a éascú chun go mbeidh córais atá ann cheana in ann freagairt d'éilimh faoi réir bhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha iomchuí.



## **5. Aicmí Úsáide**

### **Aicmí Úsáide**

Breithneofar ar na haicmí úsáide a leasú agus ar cheart athruithe díolmhaithe úsáide a leasú chun gníomhaíocht tráchtála nua - aimseartha a léiriú ar bhealach níos fearr. Tabharfar aird ar leith ar ár bpríomhshráideanna agus ar ár lárionaid uirbeacha agus, breithneofar an bhfuil sé oiriúnach malartú a dhéanamh idir úsáidí tráchtála éagsúla gan gá le cead pleanála.

### **Alt 4(1) oibreacha**

Cuirfear na díolúintí reatha atá leagtha amach in Alt 4(1) den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 san áireamh sna rialacháin athbhreithnithe. I measc na saincheisteanna atá le breithniú, tá an gá cur leis an liosta oibreacha a bhfuil díolúintí ag gabháil leo amhail oibreacha a théann chun tairbhe do phobail nó athghiniúint uirbeach mar shampla. Breithneofar freisin ar an ngá atá le hathléimneacht aeráide agus a chinntiú gur féidir iarfheistiú leordhóthanach a dhéanamh gan stró.